Líon na Bearnaí

Sraith 16: Seó Faisin sa Scoil

Pictiúr 1.

Bhí seomra _____ ag an Séú Bliain sa scoil áirithe seo. Tháinig duine de na múinteoirí isteach ag iarraidh airgid orthu. Theastaigh uathu ríomhairí nua a cheannach ach ní raibh a ndóthain airgid acu le costas mar sin a ghlanadh. D'fhiafraigh sí de na scoláirí sinsearacha sin an mbeadh aon _____ acu ar bhealaí a bhféadfaidís airgead a shaothrú do chiste forbartha na scoile. A fhad is a bhí sise ag caint bhí na scolairí féin ag smaoineamh. _____ sé le duine amháin díobh go bhféadfaidis crannchur agus seó faisin a eagrú. Smaoinigh duine eile ar cheolchoirm a chur ar siúl nó ar shiúlóid faoi urraíocht a eagrú.

Pictiúr 2.

Níos déanaí d'inis na scoláirí di na _____ a bhí pléite acu. Tar éis di a machnamh a dhéanamh orthu áfach dúirt sí leo gur dhóigh léi gurbh é an seó faisin an _____ ab fhearr. Ba ghá tosú ag pleanáil _____ a dúirt sí. Dúirt duine acu go gcaithfidis áit nó ionad a roghnú i dtosach agus ansin dáta agus am a shocrú. An chéad chéim eile ná éadaí a fháil ar iasacht le caitheamh sa seó. Labhair duine eile de na cailíní agus dúirt go raibh sí cinnte go bhfaighidis éadaí faiseanta ó na siopaí éadaí _____ a bhí ar an mbaile le caitheamh san taispeántas. Smaoinigh cailín eile ar na tuismitheoirí chun duaiseanna a fháil don chrannchur.

Pictiúr 3.

Ba ghearr go raibh an rud socraithe. I gceann cúpla lá chonacthas fógra i bhforhalla doras na scoile ag lorg _____ don Seó Faisin a bheadh á reachtáil i halla na scoile ar a leithéid seo de lá agus ag am áirithe. Bheadh _____ beag le híoc ag an doras ach ní bheadh sé ró-dhaor.

Líon na Bearnaí

Pictiúir 4.

Tamaillín roimh an seó faisin chuaigh na mic léinn ar cuairt chuig na siopaí éagsúla . Cuireadh fáilte rompu in gach ceann acu. _____ bainisteoirí an dá shiopa "Scoth na bhFaisean" agus "Teach Faisin" go dtabharfaidis cibé éadaí a bheadh de dhíth ar na scoláirí ar _____ dóibh. Bhí neart _____ acu: gúnaí, geansaíthe, blúsanna, agus cultacha. Chuir na scoláirí suntas sa chaoi ina raibh na bainisteoirí féin gléasta. Bhí siad an-ghalánta agus cóirithe de réir an stíl fhaisin ba dhéanaí.

Pictiúr 5.

Ar deireadh thiar thall cuireadh an seó faisin ar siúl. Bhí an halla _____ go speisialta don taispeántas. Bhíothas tar éis ardán fada caol a thógáil i lár an halla le haghaidh na mainicíní agus cuireadh an lucht _____ ina suí ar gach aon taobh de. Tháinig na _____ amach ag léiriú na n-éadaí agus bhí siúl an-ghálanta fúthu. Bhí gach aon duine fíorthógtha leis an taispeántas a thug siad. Tugadh fíor-bhualadh bos do gach aon duine acu. Bhí an halla plódaíthe. Le linn an tsosa eagraíodh _____ ar €5 an ticéad.

Pictiúr 6.

Ba í an mhír dheiridh ar chlár an tSeó Faisin ná _____ an Phríomhoide.
Dúirt sí gurbh iontach an seó a chuir daltaí na séú bliana ar fáil agus ghabh sí buíochas leo as an sár-obair a rinne siad. Ghabh sí buíochas freisin leis na tuismitheoirí, leis na siopaí agus leis an bpobal _____ a thug tacaíocht don seó agus don chrannchur. Bhí áthas uirthi a fhógairt gur éirigh leo oiread airgid a bhailiú agus a cheannódh na ríomhairí go léir a bhí de dhíth orthu. Bhí sí cinnte go rachadh na ríomhairí sin chun _____ oideachas na scoláirí féin.